DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 16 *Nollaig*, 2021
Thursday, 16*th December*, 2021

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 16 *Nollaig*, 2021
Thursday, 16*th December*, 2021

9 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

44. Ráitis maidir le Covid-19.
Statements on Covid-19.

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

55. An Bille um Fháltais ó Choireacht (Mórthreascairtí ar Chearta an Duine), 2020 — An Dara Céim.
Proceeds of Crime (Gross Human Rights Abuses) Bill 2020 — Second Stage.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

41*a*. Mheastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2022 [Vótaí 1 go 45].
Revised Estimates for Public Services 2022 [Votes 1 to 45].

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

41*a*. "Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2022]:

Vóta 1 — Teaghlachas an Uachtaráin (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €4,750,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, le haghaidh costais áirithe eile a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin agus le haghaidh deontais áirithe.

Vóta 2 — Roinn an Taoisigh (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €38,025,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne agus chun deontais a íoc.

Vóta 3 — Oifig an Ard-Aighne (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €33,286,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Vóta 4 — An Phríomh-Oifig Staidrimh (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €103,485,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Vóta 5 — Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €47,832,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022,

Estimates for Public Services [2022]:

Vote 1 — President's Establishment (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €4,750,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Secretary General to the President, for certain other expenses of the President's Establishment and for certain grants.

Vote 2 — Department of the Taoiseach (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €38,025,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Department of the Taoiseach, including certain services administered by the Department and for payment of grants.

Vote 3 — Office of the Attorney General (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €33,286,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Attorney General, including a grant.

Vote 4 — Central Statistics Office (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €103,485,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Central Statistics Office.

Vote 5 — Office of the Director of Public Prosecutions (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €47,832,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the

le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Vóta 6 — Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (Measatchán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €49,658,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Vóta 7 — Oifig an Aire Airgeadais (Measatchán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €42,900,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 8 — Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Measatchán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €9,365,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Vóta 9 — Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Measatchán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €441,102,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, agus go ndeonófar suim nach mó ná €1,350,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 10 — An Coimisiún um Achomhairc Chánach (Measatchán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná

salaries and expenses of the Office of the Director of Public Prosecutions.

Vote 6 — Office of the Chief State Solicitor (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €49,658,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Chief State Solicitor.

Vote 7 — Office of the Minister for Finance (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €42,900,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Finance, including the Paymaster-General's Office, for certain services administered by the Office of the Minister and for payment of certain grants.

Vote 8 — Office of the Comptroller and Auditor General (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €9,365,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Comptroller and Auditor General.

Vote 9 — Office of the Revenue Commissioners (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €441,102,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Revenue Commissioners, including certain other services administered by that Office and that a sum not exceeding €1,350,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 10 — Tax Appeals Commission (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €3,443,000 be

€3,443,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Vóta 11 — Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €46,525,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 12 — Aoisliúntas agus Liúntais Scoir (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €274,428,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh pinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde, agus liúntais agus aiscí breise agus eile, faoi na hAchtanna Aoisliúntais, 1834 go 2004 agus faoi reachtanna iolartha eile; le haghaidh pinsin, liúntais agus aiscí seach-reachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Údarás Pinsean agus táillí gairmiúla eile, íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.

Vóta 13 — Oifig na nOibreacha Poiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €581,480,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe a chúiteamh, agus go ndeonófar suim nach mó ná €20,700,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 14 — An tSaotharlann Stáit

granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Tax Appeals Commission.

Vote 11 — Public Expenditure and Reform (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €46,525,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Public Expenditure and Reform, for certain services administered by the Office of the Minister and for payment of certain grants.

Vote 12 — Superannuation and Retired Allowances (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €274,428,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for pensions, superannuation, occupational injuries, and additional and other allowances and gratuities under the Superannuation Acts 1834 to 2004 and sundry other statutes; extra-statutory pensions, allowances and gratuities awarded by the Minister for Public Expenditure and Reform, fees to medical referees and occasional fees to doctors; compensation and other payments in respect of personal injuries; fees to Pensions Authority and other professional fees, miscellaneous payments, etc.

Vote 13 — Office of Public Works (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €581,480,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of Public Works; for services administered by that Office and for payment of certain grants and for the recoupment of certain expenditure and that a sum not exceeding €20,700,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 14 — State Laboratory (Revised

(Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €10,836,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na Saotharlainne Stáit.

Estimate).

That a sum not exceeding €10,836,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the State Laboratory.

Vóta 15 — An tSeirbhís Shicréideach (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €2,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí.

Vote 15 — Secret Service (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €2,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for Secret Service.

Vóta 16 — An Oifig Luachála (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €19,441,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe, agus go ndeonófar suim nach mó ná €325,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vote 16 — Valuation Office (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €19,441,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Valuation Office and certain minor services and that a sum not exceeding €325,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 17 — An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €19,484,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Vote 17 — Public Appointments Service (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €19,484,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Public Appointments Service.

Vóta 18 — An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €67,092,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Vote 18 — National Shared Services Office (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €67,092,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the National Shared Services Office.

Vóta 19 — Oifig an Ombudsman (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná

Vote 19 — Office of the Ombudsman (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €12,288,000 be

€12,288,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Ombudsman, the Office of the Commission for Public Service Appointments, the Standards in Public Office Commission, the Office of the Information Commissioner and the Office of the Commissioner for Environmental Information.

Vóta 20 — An Garda Síochána (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,956,354,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; chun costais finnéithe áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc.

Vote 20 — Garda Síochána (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,956,354,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Garda Síochána, including pensions, etc.; for the payment of certain witnesses' expenses, and for payment of certain grants.

Vóta 21 — Príosúin (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €391,726,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún, agus costais eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €3,601,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vote 21 — Prisons (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €391,726,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Prison Service, and other expenses in connection with prisons, including places of detention, and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €3,601,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 22 — An tSeirbhís Chúirteanna (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €129,333,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste, agus go ndeonófar suim nach mó ná €3,648,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí

Vote 22 — Courts Service (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €129,333,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for such of the salaries and expenses of the Courts Service and of the Supreme Court, the Court of Appeal, the High Court, the Special Criminal Court, the Circuit Court and the District Court and of certain other minor services as are not charged to the Central Fund and that a sum not exceeding €3,648,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of

soláthair chaipitiúil.

Vóta 23 — An tÚdarás Clárúcháin Maoine (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €34,471,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine, agus go ndeonófar suim nach mó ná €100,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 24 — Dlí agus Ceart (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €422,890,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €5,122,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 25 — Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €7,533,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 26 — Oideachas (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €8,964,335,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022,

the Finance Act 2004.

Vote 23 — Property Registration Authority (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €34,471,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Property Registration Authority and that a sum not exceeding €100,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 24 — Justice (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €422,890,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Justice, Probation Service staff and of certain other services including payments under cash-limited schemes administered by that Office, and payment of certain grants and that a sum not exceeding €5,122,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 25 — Irish Human Rights and Equality Commission (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €7,533,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Irish Human Rights and Equality Commission and for payment of certain grants.

Vote 26 — Education (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €8,964,335,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022,

le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 27 — Comhar Idirnáisiúnta (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €603,902,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh Cúnamh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais áirithe, agus le haghaidh ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe a bhaineann le Cúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastail agus costais i ndáil leo sin.

Vóta 28 — Gnóthaí Eachtracha (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €251,395,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Vóta 29 — Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €858,018,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €57,917,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 30 — Talmhaíocht, Bia agus Muir (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,461,862,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-

for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Education, for certain services administered by that Office, and for the payments of certain grants.

Vote 27 — International Co-operation (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €603,902,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for certain Official Development Assistance, including certain grants, and for contributions to certain International Organisations involved in Development Assistance and for salaries and expenses in connection therewith.

Vote 28 — Foreign Affairs (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €251,395,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Foreign Affairs, and for certain services administered by that Office, including grants and contributions to International Organisations.

Vote 29 — Environment, Climate and Communications (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €858,018,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Environment, Climate and Communications, including certain services administered by that Office, and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €57,917,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 30 — Agriculture, Food and the Marine (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,461,862,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Agriculture, Food and the

áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus fóirdheontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc agus le haghaidh leasúchán ar Inis Sionnach, agus go ndeonófar suim nach mó ná €29,900,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Marine, including certain services administered by that Office, and for payment of certain grants and subsidies and for the payment of certain grants under cash-limited schemes and the remediation of Haulbowline Island and that a sum not exceeding €29,900,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 31 — Iompar (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 31 — Transport (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €3,409,032,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe agus seirbhísí áirithe eile a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €161,100,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

That a sum not exceeding €3,409,032,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Transport, including certain services administered by that Office, for payment of certain grants and certain other services and that a sum not exceeding €161,100,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 32 — Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 32 — Enterprise, Trade and Employment (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €841,429,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €79,660,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

That a sum not exceeding €841,429,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Enterprise, Trade and Employment, including certain services administered by that Office, for the payment of certain subsidies and grants and for the payment of certain grants under cash-limited schemes and that a sum not exceeding €79,660,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 33 — Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 33 — Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná

That a sum not exceeding €969,814,000 be

€969,814,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €18,400,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media including certain services administered by that Office, and for payment of certain subsidies and grants and that a sum not exceeding €18,400,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 34 — Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €5,872,038,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais, agus go ndeonófar suim nach mó ná €275,800,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vote 34 — Housing, Local Government and Heritage (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €5,872,038,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Housing, Local Government and Heritage, including grants to Local Authorities, grants and other expenses in connection with housing, water services, miscellaneous schemes, subsidies and grants and that a sum not exceeding €275,800,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 35 — Arm-Phinsin (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €265,650,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh pá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí is iníoctha faoi reachtanna iolartha le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntais eisreachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

Vote 35 — Army Pensions (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €265,650,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for retired pay, pensions, compensation, allowances and gratuities payable under sundry statutes to or in respect of members of the Defence Forces and certain other Military Organisations, etc., and for sundry contributions and expenses in connection therewith; for certain extra-statutory children's allowances and other payments and for sundry grants.

Vóta 36 — Cosaint (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €812,211,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na

Vote 36 — Defence (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €812,211,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending

bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 37 — Coimirce Shóisialach (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €11,893,148,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus le haghaidh deontais áirithe, agus go ndeonófar suim nach mó ná €1,200,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 38 — Sláinte (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €21,752,408,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha, agus go ndeonófar suim nach mó ná €104,000,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 39 — An Oifig um Shainfháil Rialtais (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €19,429,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige um Shainfháil Rialtais, agus go ndeonófar suim nach mó ná €35,000 trí

on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Defence, including certain services administered by that Office; for the pay and expenses of the Defence Forces; and for payment of certain grants.

Vote 37 — Social Protection (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €11,893,148,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Social Protection, for certain services administered by that Office, for payments to the Social Insurance Fund and for certain grants and that a sum not exceeding €1,200,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 38 — Health (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €21,752,408,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Health and certain other services administered by that Office, including grants to the Health Service Executive and miscellaneous grants and that a sum not exceeding €104,000,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 39 — Office of Government Procurement (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €19,429,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of Government Procurement and that a sum not exceeding €35,000 be granted by way of the

leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 40 — Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €2,059,017,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin agus chun deontais a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €3,200,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 41 — An tÚdarás Póilíneachta (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €3,856,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais an Údaráis Póilíneachta.

Vóta 42 — Forbairt Tuaithe agus Pobail (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €325,298,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin agus chun deontais a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €16,860,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

Vóta 43 — Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €43,302,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na

application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 40 – Children, Equality, Disability, Integration and Youth (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €2,059,017,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Children, Equality, Disability, Integration and Youth, for certain services administered by that Office and for the payment of grants and that a sum not exceeding €3,200,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 41 — Policing Authority (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €3,856,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Policing Authority.

Vote 42 — Rural and Community Development (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €325,298,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Rural and Community Development including certain services administered by that Office and for the payment of grants and that a sum not exceeding €16,860,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 43 — Office of the Government Chief Information Officer (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €43,302,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending

bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.

Vóta 44 — An Coimisiún um Chosaint Sonraí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €22,949,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Vóta 45 — Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €2,935,879,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2022, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €37,200,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil.

on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Government Chief Information Officer.

Vote 44 — Data Protection Commission (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €22,949,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Data Protection Commission.

Vote 45 — Further and Higher Education, Research, Innovation and Science (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €2,935,879,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2022, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Further and Higher Education, Research, Innovation and Science for certain services administered by that Office, and for the payments of certain grants and that a sum not exceeding €37,200,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004."

—An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY

44. Ráitis maidir le Covid-19.
Statements on Covid-19.

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

Gnó a ordaíodh:
Business ordered:

55. An Bille um Fháltais ó Choireacht (Mórthreascairtí ar Chearta an Duine), 2020 — An Dara Céim.
Proceeds of Crime (Gross Human Rights Abuses) Bill 2020 — Second Stage.

—Brendan Howlin.

TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS
MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

Measatacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí, 2022.
Estimates for Public Services, 2022.

For the purposes of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that a sum not exceeding €68,114,699,000 be granted out of the moneys provided by the Oireachtas to defray the charges which will come in course of payment during the year ending on 31 December 2022 for Public Services.

Given on this 14th day of December, 2021

(Signed) Micheál Martin,
An Taoiseach.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE
DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES[1]

Reachtúil	***Statutory***
Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil	*Requiring Motion of Approval*
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	*None*
In-neamhnithe le Tairiscint	*Open to Motion to Annul*
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	*None*
Eile	*Other*
An Bord Pleanála. An Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais, 2020.	An Bord Pleanála. Annual Report and Accounts, 2020.
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lastais dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056 mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2021) 709.	Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on shipments of waste and amending Regulations (EU) No. 1257/2013 and (EU) No. 2020/1056 together with explanatory information note. COM (2021) 709.
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa. Na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch	Credit Institutions Resolution Fund. Financial Statements for the year ended 31

[1]I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.
Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

an 31 Nollaig 2020.

December, 2020.

Neamhreachtúil

Non-Statutory

Roinn an Taoisigh. An Mheasúnacht Priacal Náisiúnta, 2021/2022. Forléargas ar na Priacail Straitéiseacha.

Department of the Taoiseach. National Risk Assessment, 2021/2022. Overview of Strategic Risks.

Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht. Cuairt ar Chorcaigh agus ar Luimneach, Déardaoin agus Dé hAoine, an 25 agus an 26 Samhain 2021.

Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Education, Further and Higher Education, Research, Innovation and Science. Visit to Cork and Limerick, Thursday and Friday, 25 and 26 November, 2021.

Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach. Tuarascáil ón gComhchoiste maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2021. Nollaig 2021.

Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach. Report of the Joint Committee on the Pre-Legislative Scrutiny of the General Scheme of the Protected Disclosures (Amendment) Bill 2021. December, 2021.

Tithe an Oireachtais. Roghchoiste Speisialta an tSeanaid maidir le Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Tuarascáil maidir le cuairt an Choiste ar Choiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann, Tionól Thuaisceart Éireann, Stormont. Deireadh Fómhair 2021. (S)

Houses of the Oireachtas. Seanad Special Select Committee on the Withdrawal of the UK from the EU. Report on the Committee's visit to the Northern Ireland Executive Committee, Northern Ireland Assembly, Stormont. October, 2021. (S)

Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige. Tuarascáil maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar an mBille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú. Nollaig, 2021.

Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Children, Equality, Disability, Integration and Youth. Report on Pre-Legislative Scrutiny of the Birth Information and Tracing Bill. December, 2021.